Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**9925/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0042(COD)**

**CLIMA 256**
**ENV 583**
**TRANS 210**
**MI 461**
**CODEC 975**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 6539/23 + ADD 1 - COM(2023) 88 final + Annex |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 a mhéid a bhaineann le caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh feithiclí tromshaothair nua a neartú agus oibleagáidí tuairiscithe a chomhtháthú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/956<br>- Díospóireacht bheartais |

I bhfianaise na Comhairle (Comhshaol) an 20 Meitheamh 2023, san Iarscríbhinn tá páipéar cúlra ón Uachtaránacht ina bhfuil ceisteanna do na hAirí maidir leis an togra.

Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an nóta cúlra agus na ceisteanna ann a thabhairt ar aird agus iad a chur ar aghaidh chuig an gComhairle.

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 a mhéid a bhaineann le caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh feithiclí tromshaothair nua a neartú agus oibleagáidí tuairiscithe a chomhtháthú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/956**

**Díospóireacht bheartais**

*- Páipéar cúlra ón Uachtaránacht ina bhfuil ceisteanna do na hairí -*

Leis an Dlí Aeráide Eorpach, cuirtear de cheangal ar an Aontas aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí, agus sprioc idirmheánach ann glanastaíochtaí a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 1990.

An 14 Feabhra 2023, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh rialachán ina bhfuil caighdeáin feidhmíochta neartaithe astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh feithiclí tromshaothair, atá ceaptha rannchuidiú le spriocanna aeráide an Aontais agus leis an ngealltanas aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050

Is é is aidhm don rialachán maidir le caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh feithiclí tromshaothair astaíochtaí $CO_2$ a laghdú agus dlús a chur le glacadh feithiclí astaíochtaí nialasacha (ZEV) i bhflít Eorpach na bhfeithiclí tromshaothair agus cur le cion na bhfeithiclí sin, á áirithiú go ndéanfar nuálaíocht agus iomaíochas na hearnála a dhaingniú agus a neartú. Ba cheart go rachadh sé chun tairbhe d'oibreoirí iompair go mbeadh feithiclí níos tíosaí ar fhuinneamh mar gheall go laghdófaí na costais iomlána a bhaineann le húinéireacht na bhfeithiclí sin, agus ba cheart, i ndeireadh na dála, go rachadh sin chun tairbhe do thomhaltóirí. Chuideodh sé freisin le spleáchas fuinnimh an Aontais a laghdú.

Is í earnáil na bhfeithiclí tromshaothair is cúis le breis is aon cheathrú d'astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) an iompair de bhóthar san Aontas agus le breis is 6 % d'astaíochtaí GCT iomlána an Aontais. Tacóidh caighdeáin neartaithe maidir le hastaíochtaí $CO_2$ le rannchuidiú na mBallstát leis na spriocanna ceangailteacha maidir le hastaíochtaí a laghdú faoin athbhreithniú a glacadh le déanaí ar an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill.

Ina theannta sin, is é an t-iompar is cúis le níos mó ná dhá thrian d'astaíochtaí uile $NO_x$ agus le cuid mhór de mhéid iomlán na n-astaíochtaí ó thruailleáin eile aeir. Beidh caighdeáin níos déine $CO_2$ agus sciar níos mó d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha i bhflít feithiclí tromshaothair an Aontais tábhachtach le haghaidh aer níos glaine, rud a chuirfidh leis na caighdeáin neartaithe cáilíochta aeir mar a mholtar sa Treoir maidir le Cáilíocht an Aeir. Tá an togra tábhachtach freisin a mhéid a bhaineann le Rialachán Euro 7 atá faoi chaibidil faoi láthair.

**An staid reatha sa Chomhairle**

Pléadh an leasú atá beartaithe ar an rialachán maidir le caighdeáin astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh feithiclí tromshaothair ag cúig chruinniú den Mheitheal um an gComhshaol (WPE) faoi Uachtaránacht na Sualainne, inar tugadh an chéad léamh iomlán den togra chun críche. Tá an togra á scrúdú i gcónaí mar sin, agus tá grinnscrúdú á dhéanamh ag Ballstát áirithe air go fóill. Mar sin féin, bunaithe ar réamhbharúlacha, cé gur thacaigh na Ballstáit le cuspóir foriomlán an togra i dtús aimsire, tá éagsúlacht tuairimí ann, go háirithe maidir le leibhéal na huaillmhéine.

**Na hábhair a phléifear**

Le treoir a chur ar fáil i dtaobh an togra a scrúdú a thuilleadh, molann an Uachtaránacht go dtabharfadh na hairí aghaidh ar na saincheisteanna seo a leanas.

**Raon feidhme na spriocanna i leith astaíochtaí**

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún raon feidhme na spriocanna i leith astaíochtaí sa rialachán reatha a leathnú ionas go n-áireofar freisin leantóirí, busanna uirbeacha, cóistí agus leoraithe eile. Feithiclí arna ndearadh agus arna dtógáil nó arna gcur in oiriúint lena n-úsáid ag seirbhísí cosanta sibhialta, ag seirbhísí dóiteáin agus ag fórsaí atá freagrach as an ord poiblí a chaomhnú, níl siad faoi réir na spriocanna maidir le hastaíochtaí $CO_2$ Ná níl leor leoraithe beaga (3,5 – 5 tonna), feithiclí sainchuspóireacha, feithiclí sainchuspóireacha easbhóthair ná feithiclí seirbhíse, ach chomh beag. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh freisin sciar teoranta de bhusanna uirbeacha a eisiamh i ngeall ar mhoirfeolaíocht áirithe chríochach nó imthosca áirithe meitéareolaíocha. Meastar gur 14.9 % sciar na bhfeithiclí a d'fhéadfadh a bheith díolmhaithe ó fhlít iomlán na bhfeithiclí tromshaothair ach nach ionann sin ach 4.2 % d'astaíochtaí iomlána $CO_2$ ón earnáil. Tugtar isteach freisin díolúine do mhonaróirí a tháirgeann níos lú ná 100 feithicil.

**Spriocanna laghdúcháin astaíochtaí**

Rannchuidíonn na spriocleibhéil leis na spriocanna a leagtar amach sa Dlí Aeráide Eorpach a bhaint amach agus leis an aidhm laghdú 90 % ar an iomlán ar astaíochtaí iompair a bhaint amach faoi 2050 i gcomparáid le 1990. Tá sé beartaithe na spriocleibhéil do 2025 (15 %) le haghaidh na bhfeithiclí atá faoi raon feidhme reatha an rialacháin a choinneáil. Ó 2030 ar aghaidh, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún treisiú leis na spriocanna maidir le hastaíochtaí $CO_2$ a laghdú le haghaidh feithiclí tromshaothair nua i dtrí chéim as sin go dtí 2040.

- tá an sprioc fhoriomlán do 2030 á ardú go 45 %, agus táthar á leathnú le go gcumhdófar na feithiclí sin atá beartaithe a chur le raon feidhme an rialacháin,
- ó 2035 ar aghaidh, is é 65 % an sprioc atá beartaithe agus
- 90 % ó 2040 ar aghaidh.

Beidh sciar na mbusanna nua uirbeacha astaíochtaí nialasacha cothrom le 100 % faoi 2030.

**Ceisteanna do na hairí**

*Iarrann an Uachtaránacht ar na hairí a marana a dhéanamh ar an dá cheist seo a leanas:*

*An measann tú gurb iomchuí na spriocleibhéil atá beartaithe i bhfianaise spriocanna aeráide an Aontais agus an chuspóir aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí, agus iomaíochas an Aontais á chothabháil agus á fheabhsú ag an am céanna?*

*An measann tú gur iomchuí iad an raon feidhme agus na solúbthachtaí atá beartaithe?*